**An Ghaoth agus an Ghrian (Leagan 1)**



"Is láidre mise ná tusa!" arsa an ghaoth.

"Chífimid anois cé is láidre den mbeirt againn!" arsa an ghrian.

"Conas san?" arsa an ghaoth.

"An gcíonn tú an fear san thíos ar an mbóthar a bhfuil an cóta mór air?"

'Cím!' arsa an ghaoth.

"Ar aghaidh leat," arsa an ghrian, "agus bain an cóta de."

Thosnaigh an ghaoth ag séideadh. Shéid sí agus shéid sí, ach dhún an fear na cnaipí agus níor fhéad sí an cóta a bhaint de. Shéid sí arís ar a dícheall agus d'fháisc sé an cóta timpeall air le crios.

"Táimse ag éirí as" arsa an ghaoth. "Fútsa atá sé anois."

Thosnaigh an ghrian ag taitneamh. D'éirigh an fear te. Scaoil sé cnaipí agus crios a chóta. Bhí allas leis. Níor fhéad sé siúl leis an dteas. Bhain sé an cóta do.

'Agatsa atá an bua!' arsa an ghaoth.

An Cúntóir Teanga
www.ancuntoir.ie